I scoileanna, bhí fás suntasach i líon na ndaltaí, rud a léiríonn an t-oideachas ardchaighdeán á thabhairt do dhaoine óga, a gcuir a dtuismitheoirí muinín orainn. Chuidigh gréasáin pleanála comhoibríochta i gCeannaireacht, Teagasc agus Foghlaim, Leas agus Faisnéise agus Teicneolaíocht Cumarsáide cur chuige idirghníomhach go leor a fhorbairt chun cur le cáilíocht an teagaisc agus foghlaim a tharlaíonn inár seomraí ranga. I ngeall ar shíniú Comhaontuithe Seirbhíse nua leis an Aire Oideachais agus Scileanna i gcomhair tógála bunscoileanna, bhí CMETB in ann ról suntasach a imirt i seachadadh an Chláir Infheistíochta Chaipitil Scoileanna don réigiún.

Tá seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna CMETB ag forbairt clú as freagraí onnghníomhacha pleanáilte do ghníomhachtú eacnamaíoch agus forbairt inár gceantar. Áirítear i bhfeabhsú ár seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna obair suntasach ó Institiúid Cabháin, Institiúid Muineacháin, Seirbhísí Oiliúna agus Seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta, ag obair le chéile chun dul chun cinn tábhachtach a chinntiú, taifeadta inár bPlean Breisoideachais agus Oiliúna. Léiríonn seoladh Printíseachta OEM iontach nua le CombiLift agus an Cuibhreannas Innealtóireachta Meánach i dteannta le cur i bhfeidhm Printíseachta Commis Chef acmhainneacht chomhoibríochta mhéadaithe CMETB chun idirbheartaíochta rathúla le fostóirí i mbun fáis geilleagair a ghiniúint don réigiún.

Leanann na Seirbhísí Óige CMETB ag tabhairt monatóireachta agus measúnaithe ar an bhforáil sa réimse sin chomh maith le seirbhísí nuálaíochta a sholáthar do go leor pobail agus grúpaí óige ar feadh Contae an Chabháin agus Muineacháin. Chinntigh ár gClár Music Generation a thuilleadh rochtana ar theagasc ar ardchaighdeán, fóirdheonaithe gutha agus uirlise do pháistí agus daoine óga ar fud an réigiúin.

Ba phríbhléid dom oibriú le mo chomhoibrithe i measc foirne CMETB an bhliain seo caite. Táim an-bhuíoch as an tacaíocht ó bhaill bhoird CMETB a léirigh tiomantas iontach dá gcuid oibre thar ceann gach foghlaimeoirí. Táim buíoch do gach duine a chabhraigh in aon bhealach agus guím gach rath ar gach ball foirne agus foghlaimeoirí in 2020.



John Kearney, Príomhfheidhmeannach

5 Forléargas ar Sheirbhísí





6 Tuarascálacha na Stiúrthóirí

6.1 Scoileanna

Thug ETB an Chabháin agus Muineacháin oideachas iarbhunscoile do 4,609 mac léinn thar 11 scoil le linn 2019. Léiríonn sin fás os cionn 385 mac léinn (9.5%) sa bhliain reatha le réamh-mheastachán fáis sa todhchaí sna blianta le teacht. Léiríonn an fás sin i líon na mac léinn gaisce mór do gach scoileanna CMETB. Is iad na scoileanna agus mionsonraí:

Scoil	Seoladh	Clárúchán Meán Fómhair 2019	DEIS/Gan DEIS
Coláiste Pobail Bhéal Átha Beithe	Baile Átha Beithe, Co. Muineacháin	353	Gan DEIS
Coláiste Beech Hill	Muineachán, Co. Muineacháin	577	DEIS
Breifne College	An Cabháin, Co. Cabháin	737	DEIS
Coláiste Bhaile na Lorgan	Baile na Lorgan, Co. Muineacháin	269	DEIS
Coláiste Dún an Rí	Dún an Rí, Co. Cabháin	404	Gan DEIS
Coláiste Oiriall	Cnoc an Chonnaidh, Muineachán	348	Gaelcholáiste gan DEIS
Inver College	Carraig Mhachaire Rois, Co. Muineacháin	372	DEIS
Largy College	Clones, Co. Muineacháin	411	DEIS
St Bricin's College	Béal Tairbirt, Co. Cabháin	193	Gan DEIS
St Mogue's College	An Bábhún Buí, Co. Cabháin	231	DEIS
Virginia College	Virginia, Co. Cabháin	714	Gan DEIS
IOMLÁN		4609	

Le linn na bliana, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna iniúchadh mar a leanas ar na scoileanna seo:

Scoil	Nádúr an Iniúchta	Dáta an Iniúchta
St Bricin's College	Iniúchadh na Scoile ar Fad	17/01/2019
Coláiste Beech Hill	Iniúchadh ar Ábhar Eacnamaíochta Bhaile	29/01/2019
Inver College	Iniúchadh ar Ábhar Mioalóireachta agus Innealtóireachta	04/12/2019
Virginia College	Iniúchadh ar Ábhar Matamaitice	30/04/2019
Coláiste Bhaile na Lorgan	Iniúchadh ar Ábhar Oideachais Pearsanta Sóisialta agus Sláinte (SPHE)	30/04/2019
Coláiste Beech Hill	Iniúchadh ar Ábhar Corpoideachais	30/04/2019

Virginia College	Iniúchadh ar Ábhar Ealaíne, Ceirde agus Deartha	20/12/2019
------------------	---	------------

Leis sin, rinneadh iniúchta teagmhasacha go tréimhsiúil agus ghlac scoil amháin páirt in iniúchadh bliantúil an Ard-reachtaire is Ard-iniúcháir CMETB.

Ceannaireacht Scoile:

Le linn 2019, cheap CMETB Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí do scoileanna sa limistéar CMETB mar a leanas:

Scoil	Post	Ceapachán
Inver College	Príomhoide	Cormac Flynn
Inver College	Leas-phríomhoide	Dr Miriam Nugent
St. Mogue's College	Leas-phríomhoide	Martha Brady
Breifne College	Leas-phríomhoide	Breege Reilly
St Bricin's College	Leas-phríomhoide	Pauric Hanlon

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Thug gach scoil ráiteas do 2019. Chlúdaigh an ráiteas réimsí lena n-áirítear Bainistíocht Airgeadais, Bainistíocht Sholáthair agus Shócmhainn, Comhréireacht le Ciorcláin DES srl maidir le Teagasc is Foghlaim agus Rialachas.



Figiúr 95. Mic Léinn ag freastal ar Aonach Gairme CMETB

Forbairt Mhúinteora:

Le treoir ón nGrúpa Oibre um Fhoghlaim agus Teagasc, bhí CPD agus tacaíochtaí cuimsitheacha curtha i bhfeidhm do mhúinteoirí i scoileanna CMETB in 2020. Áirítear sa chlár seo ionduchtú an mhúinteora, CPD leanúnach agus cláir do cheannaireacht meánach agus sinsearach.

Tugann an tábla thíos taifead do thiomantas mór CMETB chun acmhainneacht an mhúinteora a fhorbairt i gcomhréir lenár Ráiteas Straitéiseach. Áirítear le buaicphointí 2019:

- An Dara Shiompóisiam Múinteora bhliantúil ar théama ‘Foghlaim Neamhspleách a Shaibhriú’. Bhí trí snáithe téamaithe san áireamh sa siompóisiam seo lena n-áirítear ‘Gnóthachtáil Mac Léinn a Feabhsú’, ‘Teicneolaíocht a Úsáid chun Foghlaim a Fheabhsú’ agus ‘Cleachtais Nuálaíocha’.
- CPD Bliantúil do gach Príomhoide agus Leas-phríomhoide a tharla thar dhá lá i Meitheamh 2019, chomh maith le comhpháirteanna CPD ag Cruinnithe rialta na bPríomhoidí. Ba é ‘Cultúr Scoile a Thógáil’ é téama do shiompóisiam CPD na bliana seo.
- Clár saincheaptha do Phríomhoidí Cúnta agus Ceannaireacht Shinsearach le 120 rannpháirtí thar dhá lá sa Chabhán agus i Muineachán.
- CPD sonrach i réimse mí-úsáide drugaí agus alcóil
- Clár ceannaireachta digití forleathan a ofráilann go leor tacaíochta do scoileanna chun planáil agus foghlaim digiteach a chur i bhfeidhm.
- Bealaí nua a lorg chun tacaíochtaí Riachtanais Oideachais Speisialta a léarscáiliú agus a chur i bhfeidhm i ngach scoileanna.



Figiúr 105. Oíche Duaiseanna Sármhaitheasa an Ardeist 2019

Forbairtí Caipitil:

D'eascraigh an fás i líon na mac léinn, in éineacht le riachtanais foghlama agus teagaisc ár scoileanna ar an ngá chun déileáil le tionscnaimh caipitil i go leor scoileanna. Tá tairiscintí ag feitheamh ar fhaomhadh chun bogadh go staid dearaidh ag Inver College ar son forbartha seomraí ranga nua, áiseanna agus aonad uathachais ag an scoil. Ar bhealach cosúil, thug Virginia College, Coláiste Beech Hill agus Coláiste Dún an Rí athbhreithniú ar a riachtanais lóistín agus d'ullmhaigh siad aighneachtaí chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Music Generation (Faisnéis 2019)

Bunaíodh an Clár Music Generation sa Chabhán agus Muineachán in 2018 faoi cheannaireacht Ms. Mairead Duffy. In 2019 chuir an clár tús le cur i bhfeidhm a chlár gníomhaíochtaí, i ndiaidh plé mionsonraithe le réimse leathan geallshealbhóirí. Tá an clár tosaigh mionsonraithe thíos.

Mionsonraí an Chláir Mheán Fómhair - Nollaig 2019

Clár Gutha Bunscoile (clár 30 seachtain) a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2019 i 23 bunscoil sa Chabhán agus Muineachán.

- Rannpháirtithe measta na seachtaine: 916 páiste agus daoine óga, réimse aoise 5-12
- Seachadta ag foireann 8 Oide Ceoil.
- Áirítear sa bhforáil thuas Holy Family Special School, Cootehill, ina bhfuil 2 cheoltóir ag seachadadh 5 uair sa tseachtain.

Clár Luath-óige

- Thosaigh clár píolóta 8-seachtaine sa tseachtain a thosaigh 21 Dheireadh Fómhair 2019, i 4 socrú chúram leanaí, le 2 Oide Ceoil, le Oide Ceoil eile ag cur tús le clár meantóireachta, sa Chabhán agus Muineachán.

Tionscnaimh neamh-chláraithe

- Tharla an tionscnamh opera Michael Gallen Bhaile na Lorgan i mí na Samhna 2019.
- D'éascaigh Music Generation an Chabháin / Muineacháin deiseanna meantóireachta i gcomhair 5 mhic léinn Ceoil dara leibhéal i Co. Mhuineacháin. Leis sin, bhí deis ag 70 mac léinn Ceoil san Idirbhliain/Ardteist freastal ar chleachta oscailte agus seisiún Q & A leis an gceapadóir agus foireann chruthaíoch an léirithe.

Garage Theatre:

Bunaíodh an Garage Theatre féin mar ionad iomráiteach chun dráma agus na Ealaíona a chur chun cinn i Co. Mhuineacháin. Cinntíonn an clár drámaíochta seo réimse leathan seánraí dráma agus ceoil agus tugtar go Muineachán iad chomh maith le nochtadh a thabhairt do go leor cineálacha ealaíne. Spás tábhachtach i gcomhair feidhmíochta is ea é le haghaidh comhlachtaí drámaíochta agus ceoltóirí

Óstálann an amharclann taispeántais gach mí, lena n-áirítear comhlachtaí ar turas agus grúpaí pobail amaitéarach, chomh maith le ardán a chur ar fáil do dhráma óige sa cheantar. Ar iomlán ghlac 120 duine páirt sa chlár óige in 2019.

Ar iomlán d'fhreastal díreach faoi 29,000 patrúin taispeántais agus ócáidí san amharclann in 2019, le 3,500 eile ag úsáid na hamharclainne mar spás cleachtaidh. Spás tábhachtach is ea é freisin i gcomhair cleachta agus feidhmíochta do scoileanna áitiúla.

Cuirtear spás amharclainne féin-mhaoinithe agus oifige ar fáil ar cíós do ghrúpaí agus comhlachtaí áitiúla agus óstálann sé freisin stiúideo Ealaíne rathúil.

Anuas air sin, bhí os cionn 60,000 cuairt uathúil ar an amharclann in 2019, agus dá bharr is tiomántóir tábhachtach é an Garage i saol ealaíne an réigiúin.

Tuarascáil chun seachadta na nAidhmeanna Straitéiseacha 2019

Aidhm Straitéiseach 1: Ceannaireacht

Gníomh	Nuashonrú 2019
1. Gréasán Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí a fhorbairt a dhíríonn ar mhalartú dea-chleachtais agus a chothaíonn comhoibríocht sa chinnteoireacht	3. Cruinnithe rialta le Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí freastalaithe ag clár a chuimsíonn Nuashonruithe Bainteach le OSD, Nuashonruithe Stiúrthóra na Scoile, agus nuair is cuí, CPD agus cainteoirí ábhartha 4. Thug Grúpa Oibre um Cheannaireacht Scoile comhairle do Stiúrthóir na Scoileanna maidir le cur i bhfeidhm na straitéise agus conas is féidir tacaíochtaí do cheannairí scoile a uasmhéadú
2. Ceannaireacht agus bainistíocht shaincheaptha a fhorbairt, ag leanúint le plean forbartha gairmiúil do cheannairí agus múinteoirí ag freastal, lena n-áirítear deiseanna chun Ceannaireacht Oideachasúil a fhorbairt a thuilleadh	Le linn 2019, bhí Clár CPD saincheaptha ann do cheannairí scoile lena n-áirítear béim ar ábhair maidir le cumasú agus forbairt Meán-cheannairí i scoileanna CMETB. Tá clár saincheaptha do Meán-cheannairí CMETB in áit anois le 120 múinteoir ag glacadh páirt ann. • Forbairt Churaclaim • Forbairt Pholasaí • Ceisteanna Drugaí agus Alcóil • Scileanna Cóitseála • Guth Mac Léinn • Ceannaireacht Dhigiteach
3. Cur chuige comhordaithe a fhorbairt chun sármhaitheas a chur chun cinn i gceannaireacht agus múineadh thar an ETB	An dara shiompóisiam CMETB ag tógáil acmhainne sna réimsí teagaisc agus foghlama a tharla i Márta 2019 Ba théama leis Foghlaim Neamhspleách a Shaibhriú agus ba í Karol Sadleir an cainteoir cuairte. Rinne CMETB cur i láthair ar cheardlanna maidir le scileanna inniúlachta a fhorbairt, guth mac léinn agus Acmhainní Digiteacha a Chruthú
4. Gréasáin/pobail cleachta múinteora ábhair a bhunú chun dea-chleachtas agus roinnt acmhainní a chur chun cinn.	Bunaíodh gréasán Ceannairí Digiteacha chun dea-chleachtais a chur chun cinn in úsáid teicneolaíochta digítí san fhoghlaim. Faigheann an grúpa seo tacaíocht ó Ghrúpa Oibre na gCeannairí Digiteacha.
5. Díriú ar thorthaí mic léinn feabhsaithe agus aistriú	4. Chríochnaigh gach scoil athbhreithniú ábhar ar ábhar ar Thorthaí na hArdteiste.

feabhsaithe chuig an 3ú leibhéal thar na scéime	5. Bhí torthaí ón Ardteist seolta ar aghaidh chuig Stiúrthóir na Scoileanna i gcomhair athbhreithnithe. Chas ceannairí scoile le DOS agus CE chun anailís a phlé ar Thorthaí na hArdteiste (2019) - aiseolas mionsonraithe tugtha do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí 6. Reachtaigh CMETB Aonach Gairme do os cionn 1000 mac léinn iarbhunscoile, ag tabhairt rochtana dóibh ar chomhairle gairmiúil ó shaineolaithe, coláistí, ionadaithe gairmiúla agus eile. Bhí ceardlanna ar iarratais CAO agus ullmhú don ollscoil mar chuid den lá freisin
6. Ceannaireacht níos roinnte a chothú agus a thacú i measc na foirne agus mic léinn	Chuir Ciorclán 03/2018 tús le socrúcháin nua ar phoist freagrachtaí inár scoileanna. Mar chuid de chur i bhfeidhm an chiorcláin sin: • Tá poist freagrachtaí faoi athbhreithniú anois ar a laghad gach dhá bhliain • Athbhreithniú bliantúil idir ceannairí scoile agus múinteoirí i bpoist meán-cheannaireachta bunaithe anois • Tuarascáil i scríbhinn ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta le cur síos ar obair na Meán-bhainisteoirí i scoileanna • Clár forbartha saincheaptha do mheán-cheannairí.
7. Creatlach a fhorbairt chun tacú le athbhreithniú ar churaclam thar gach scoileanna/ionaid	In 2019 bhí béim sonrach ag CMETB ar fhorbairt Ranganna Tacaíochta Uathachais agus Aonaid inár scoileanna, áit ina raibh éileamh dóibh. Rinne Stiúrthóir na Scoileanna idirbheartaíocht le ceannairí scoile agus an Comhairle Náisiúnta chun Oideachais Speisialta. Tá ranganna/aonaid ASD faofa anois chun oscailt i gColáiste Beech Hill, Coláiste Dún an Rí agus Inver College.

Aidhm 2: Foghlaim agus Teagasc

Gníomh	Nuashonrú 2019
1. Foghlaim agus teagasc a chur mar thosaíocht ardleibhéil do ráiteas straitéiseach CMETB	• D'eagraigh CMETB oíche suntasach Duaiseanna Sármhaitheasa do mhic léinn ar éirigh go maith leo san Ardteist agus scrúduithe Ardteistiméireachta Fheidhmí. Ghlac gach scoil páirt ann

	- Forbairt Ghrúpa Oibre um Riachtanais Oideachais Speisialta: - Tá CMETB i gcomhpháirtíocht le Dr. Johanna Fitzgerald ó UL (Mary Immaculate College) chun creatlach a fhorbairt ar dea-chleachta a thacaíonn le gach mac léinn le deacrachtaí foghlama. Chuir sí i láthair d'ionadaithe gach scoileanna agus tá samhail comhpháirtíochta á bhunú i gcomhair feidhmiú céimneach in 2020.
2. Forbairt struchtúrtha cláir CPD laistigh an chreatlaigh chun foghlama agus teagaisc	- Bhí an tArdán Digiteach á chur ar fáil in Microsoft Office agus Teams saincheaptha chun tacú le pleanáil in agus tras-scoil agus roinnt acmhainní. - Chuir an CMETB tacaíocht agus acmhainní ar fáil do scoileanna chun síneadh a thabhairt ar fhoráil curaclaim i réimsí amhail códú agus cláreagrú agus tacú le forbairt Eolaíochta Ríomhaireachta ag an sraith shinsearach. Bhí cuairteanna agus tacaíochtaí ar scoileanna éascaithe ag ár múinteoirí féin, faoi cheannaireacht Mr. Aidan Keeshan (múinteoir ag Virginia College).
3. Comhoibríocht tras-churaclaim a chur chun cinn laistigh agus idir scoileanna/ionaid	
4. Rannpháirtíocht éifeachtach a chur chun cinn le IT sa phróiseas pleanála thar gach scoileanna	- Bhí infheistíocht shuntasach i ngléasanna múinteora agus mac léinn agus trealamh déanta, le tacaíocht ón ndeontas DES d'Infreastruchtúr IT. - Thosaigh CMETB an aistear chun ár spleáchas a laghdú go hincriminteach ar fhreastalaithe IT ina bhfuil sonraí stóráilte, ag aistriú sonraí ón scamall go stóras. - Ardú suntasach in úsáid Microsoft Teams mar thacaíocht oideachais. - Cohórt breise do CPD cheannairí digiteacha críochnaithe.
5. Iniúchadh ar acmhainní lena n-áirítear caipitil, pearsanra (teagasc agus tacaíocht) agus fioscach chun leibhéal optamach a dhaingniú do gach scoil/ionaid	- Bhí athbhreithniú cuimsitheach ar acmhainn teagaisc gach scoile déanta le CE, Stiúrthóir na Scoileanna, Ceannaire HR agus ceannairí scoile ó gach scoil. Bhí bearnaí in acmhainn aitheanta agus leithdháileadh múinteoirí chuig scoileanna ag léiriú an gá ó dhaonra scoile a mhéadaíonn thar CMETB. I líon beag cásanna, bhí múinteoirí roinnte idir scoileanna chun foráil curaclaim a uasmhéadú. - Spreag athbhreithniú leanúnach ar fhoirgnimh scoile iarratas ó DES chun athchóirithe/sínte a thabhairt ar dhá scoil agus uasghrádú a dhéanamh ar chinn eile.

	I mí Lúnasa 2019, scríobh an Aire Oideachais do CMETB ag tabhairt faomhaidh do dhul chun cinn ar scoil nua i mBéal Átha Conaill, Co. Chabháin.
6. Ualach riaracháin a laghdú ar scoileanna/ionaid foirne ceannaireachta	- Tugadh comhairle saineolach ar fhoirmliú polasaithe ábhartha do gach scoileanna ag Oifigeach Comhréireachta CMETB agus bhí acmhainní ábhartha agus teimpléid seolta ar aghaidh chuig scoileanna chun cuidiú leo i gcur i bhfeidhm na bpolasaithe sin. - Bhí comhairle dlíthiúil agus comhréireachta ar fáil do gach scoileanna ar réimse ábhair. - Cuireadh tús le úsáid Microsoft Teams ag Stiúrthóir na Scoileanna mar phríomhardán comhtháite cumarsáide do scoileanna. - Bhí nósanna imeachta athbhreithnithe chun riaracháin mic léinn do scoileanna CMETB curtha ar fáil in 2019, le tacaíocht ag Oifigeach Comhréireachta CMETB.
7. Chun tógáil ar thiomantas CMETB chun ionchuimsithe gach mac léinn d'ainneoin inscne, cúlra sócheacnamaíoch, cine nó reiligiún	- Chuir dhá scoil fáilte roimh mhic léinn ón tSiria mar chuid den Chlár Athlonnaithe Teifeach ón tSiria agus bhí tacaíochtaí sonracha curtha ar fáil do na mic léinn sin. - Faigheann sé chinn dár scoileanna CMETB tacaíocht ón gclár DEIS agus baineann gach ceann leas as an gClár Críochnaithe Scolaíochta. Bhí tacaíochtaí agus idirghabhálacha sonracha curtha ar fáil do gach mac léinn, dírithe ag an gClár DEIS. - Iarradh ar gach scoileanna a leithdháileadh a fhíorú go raibh acmhainní teagaisc do mhic léinn le riachtanais speisialta i gcomhréir le ciorcláin DEIS ábhartha trí Ráiteas um Rialú Inmheánach, curtha ar bun in 2018.

Aidhm 3: Leas

Gníomh	Nuashonrú 2019
1. Ráiteas misin agus físe ar fud na scéime a fhorbairt ag díriú ar leas	Bunaíodh Grúpa Oibre Leasa nua chun obair ETB a threorú ar cheisteanna a bhaineann le Leas.

	Bhí cláir scoile athdheartha chun Comhpháirt Leasa a chur leo faoi réir an Chláir Sóisearaigh
2. Áit tosaíochta a thabhairt do mheabhairshláinte agus sláinte fisiciúil	- Nascacht le gníomhaireachtaí áitiúla chun dul i ngleic le ceisteanna intinne agus sláinte fisiciúil. - Rannpháirtíocht ó Stiúrthóir na Scoileanna i ngníomhaíochtaí Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil. - Taiscéalaíocht lua ar sheirbhís nua i Co. Muineacháin d'fhoráil as an scoil do mhic léinn faoi 14.
3. Caighdeánú ar chúram tréadach thar na scéime	Bhí Stiúrthóir na Scoileanna ina chathaoireach ag Grúpa Oibre Leasa. Bhí torthaí roinnte le gach scoileanna.
4. Beidh clár CPD cuimsitheach ar fáil freisin do gach ball foirne agus mic léinn, ag díriú ar intleacht mhothúcháin, frith-bhulaíocht agus solúbthacht	- Cur chuige idir-ghníomhaireachta le NEPS, Comhairle Contae, CYPSE agus Seirbhísí Óige - Léarscáiliú le foráil agus bearnaí sa Chabhán agus Muineachán ag Oifigeach Óige - Tosaíocht pleanála sonraigh i gcomhair forála amach ón scoil



Paddy Flood
Stiúrthóir na Scoileanna

6.2 Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna

Tugann Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna CMETB (FET) réimse leathan cláir páirt-aimseartha agus lán-aimseartha tríd an gCabhán agus Muineachán, ag tabhairt deiseanna foghlama luachmhara dóibh sin os cionn 16 bliain d'aois. Tá na cláir bainteach le gairmeacha go mór, m.s. Cúram leanaí, cúram sláinte, ICT, innealtóireacht, ag soláthair bealaí soiléir don fhostaíocht. Mar sin, tá go leor deiseanna ann chun dul chun cinn ó chlár FET in ardoideachas (m.s. Cláir Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta).

Cuimsíonn CMETB FET 5 sheirbhís difriúil:

vi. **Dhá Choláiste PLC** - Institiúid Chabháin agus Muineacháin - ag seachadadh cláir scileanna gairmiúla ag Leibhéal 5 agus 6 agus ranganna oíche

vii. **Seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta** - ag seachadadh réimse scileanna páirt-aimseartha agus gairmiúla agus cláir chaitheamh aimseartha ag leibhéal 1 - 6

viii. **Seirbhísí Oiliúna** - áirítear leis sin an tSeirbhís Phrintíseachta, Cláir Oiliúna Scileanna Sonracha, Cúrsaí Oiliúna, Tionscnaíochtaí Oiliúna Áitiúla agus Soláthraithe Oiliúna Saineolais

ix. **Youthreach** - 6 Ionad Youthreach a sholáthraíonn réimse leathan cláir teistithe do dhaoine a d'fhág an scoil go luath

x. **Oideachas Príosúin** ag Príosún Oscailte Loughan House



Figiúr 115. Kingscourt Youthreach a bhronnadh an Marc Cáilíochta Sláinte Airgid

In 2019, lean CMETB ag cur i bhfeidhm réimse gníomhaíochtaí agus tionscnaíochtaí nua. Príomh-ghaíscí agus nuálaíochtaí lena n-áirítear:

- Targaid bainte amach de réir leagtha amach i gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS 2018-2020
- Forbairt agus seachadadh cláir Oiliúna nua
- Clár Fairsingthe Scileanna chun Dul ar Aghaidh
- Fairsingiú suntasach ar fhoráil oíche ar an dá chontae

- Forbairt áiseanna printíseachta nua i gcomhair cláir Leictreach, Commis Chef agus OEM
- Tús ar Chlár Rochtana PLC nuálaíoch chun tacú leis an aistriú ó Youthreach agus Ardteistiméireacht Fheidhmeach go PLC
- Seoladh an chlár printíseachta i nDéantúsaíocht Buntrealaimh (OEM)



Figiúr 12: Chéad bhliain B. Sc. Céim Ghineatálta i gcomhpháirtíocht le Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach tosaithe in 2019

In 2019 bhí cur i bhfeidhm leanúnach ar an Straitéis FET. Tá an straitéis seo ailínithe leis an Straitéis SOLAS FET náisiúnta agus léiríonn sé a aidhmeanna agus spriocanna. Tá dul chun cinn i gcur i bhfeidhm gníomhartha leagtha amach sa tábla thíos.

Seirbhísí Óige

Bhí 2019 ina bhliain trasfhoirmithe do Sheirbhísí Óige, le Próifíliú an Cheantair agus ath-innealtóireacht na Seirbhísí Óige ag cur tosaíochtaí cheisteanna óige ag teacht chun cinn ar aghaidh. Chuir CMETB fáilte roimh Tionscnamh Óige breise i mí Iúil agus anois tugann sé riarachán ar 5 Thionscnamh faoi Cheannaireacht Foirne ar fud an Chabháin agus Muineacháin, ag fostú 15 Bhall Foirne Lán-aimseartha, 5 Bhall Foirne Páirt-Aimseartha, ag tacú le 3 rannpháirtí Scéime CE agus 5 Chlár Oiliúna Óige. Tugadh riarachán do scéimeanna maoinithe DCYA bliantúla ar os cionn €1 milliún ar fud an Chabháin agus Muineacháin do thionscnaimh faoi cheannaireacht na foirne agus grúpaí óige deonacha. Chríochnaigh dhá cheann dár dtionscnaimh IV i bhFómhar 2019, ag baint amach torthaí agus ineachadtaí gach tionscnaimh agus bhí áthas orainn tacú le Comhpháirtithe CYPSC i riarachán a dTionscnaíochtaí Éire Aclaí Srath 3, a thugann níos mó fostaíochta d'fhoireann Seirbhíse Óige sa réigiún.

Leis sin, bhí 2019 ina bhliain tosaigh, le go leor pobail imeallaithe agus polaraithe ag baint leasa go díreach ó Scéimeanna DCYA, lena n-áirítear rannpháirtithe inár dTionscnaíocht Fostaíochta don Óige Lucht Siúil sa Chabhán agus tionscnaimh LGBTi. Seoladh áis shoghluaiste nua in Iarthar an Chabháin agus tugann sé tacaíochtaí a bhí i ngéar-ghá do dhaoine óga a mhothaíonn iargúlta faoin tuath. Forbraíodh anailís ar riachtanais agus moltaí chun Torthaí Feabhsaithe do na daoine óga sin, agus roinnte le gníomhaireachtaí a bhfuil réim acu do pháistí agus daoine óga. Go himmheánach, in éineacht le coláistí in CMETB FET, in 2019 tharla freisin bunaíocht an Chláir Rochtana PLC agus forbairt an Chláir Oiliúna don Óige

ar Leibhéal QQI 6 den chéad uair sa réigiún, agus thacaigh ár Roinn Foirgnimh lenár Seirbhísí Óige i mbunaíocht an chéad Ionaid Óige in Iarthar an Chabháin.



Figiúir 13 Seoladh Oifigiúil Bounce Back West Cavan agus oscailt fhoirmiúil Mol Óige Bhaile Bhéal Tairbirt

Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Tanagh

In 2019, d'óstáil OETC Tanagh líon curiarrachta cuairteoirí (**16,921**) dá Seirbhísí agus Cláir Allamuigh. Deimhníonn an t-ardú suntasach i gcuariteoirí ar an Ionad an cúnamh suntasach a thug an tIonad don gheilleagar áitiúil. Áirítear le forbairtí in 2019:

- Athchóiriú ar an Ionad a thosaigh i Nollaig 2019, lena n-áirítear athshocrú Doirse Dóiteáin ar feadh an Ionaid agus uasghrádú le Córais Cosanta Dóiteáin inmheánacha.
- Fuair Comhairle Contae Muineacháin rochtain ar mhaoiniú mar chuid de na oibreacha athchóirithe agus forbartha ar an Abhann Bhun Abha agus d'eagraigh sé suiteáil d'áit pháirceála do bhusanna in aice leis an suíomh in úsáid i gcomhair Staidéir Allamuigh Geografach in aice le Drum Village agus chuir sé feabhas le rochtain do mhic léinn trasna na habhainn.
- Mar thoradh le dea-chaidrimh leanúnacha leis an ngrúpa pobail áitiúil, fuair Forbairt Limistéir Mhuinchille maoiniú chun athfhorbartha an tsuímh ag 'Halton', a úsáidtear ag Tanagh i gcomhair gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe ag seoladh Canú/Kayak. Chuir na oibreacha athdhromchlaithe sin feabhas suntasach ar rochtain do na cuairteoirí le droch-shoghluaiseacht.
- Bhí Tanagh ainmnithe mar cheann de 12 mhol Digiteach luaite i gcomhair feidhmiú céimneach Leathanbhanda le luais suas go dtí 150mb. Thosaigh suiteáil i Nollaig 2019 agus tá sé dlite chun críochnaithe i mí Iúil 2020.
- Chinntigh ETBI maoiniú i gcomhair Gréasán Seirbhísí Oideachais Allamuigh agus Oiliúna / OETS chun trí chuairt soghluasteachta foirne trí mhaoiniú Erasmus do thíortha in Eoraip ina bhfuil Oideachas Allamuigh comhtháite sa churaclam go foirmiúil.

- Bhí Tuarascáil Taighde Earnála Allamuigh coimisiúnaithe ag Gréasán ETBI/OETC críochnaithe i Nollaig 2019 agus tá torthaí le bheith seolta in 2020.
- Leis sin, chríochnaigh ETBI/OETCS comhaontú Comhpháirtíochta MOU le Canoeing Ireland, ina bhfuiltear ag súil go mbeidh gach 12 Ionad ina soláthraithe agus moil réigiúnacha i gcomhair canúála agus cadhcála chun an spóirt a fhorbairt go náisiúnta.
- Chríochnaigh 13 as 16 duine faoi oiliúint a gClár Oiliúna Treoraí Allamuigh Leibhéal 5 QQI agus bhí 16 duine eile cláraithe chun oiliúna ar an 21ú Dheireadh Fómhair don chúrsa 2019/2020.



Figiúir 14 Clár Oiliúna Treoraí Allamuigh Leibhéal 5 QQI

Tuarascáil chun seachadta na nAidhmeanna Straitéiseacha in 2019

Aidhm Straitéiseach 1: Seasamh FET a ardú

Aidhm	Gníomhartha déanta in 2019
Aitheantas a chinntiú do FET mar chosán foghlama luachmhar	- Cead faighte agus ball foirne ceaptha chun poist Oifigeach Cumarsáidí le príomh-ról in FET a chur chun cinn - Mí chur chun cinn FET reachtáilte bainteach le sraith agallaimh raidió agus seisiúin eolais FET do scoileanna / tuismitheoirí agus an pobal ginearálta - Cur chun cinn leanúnach FET le go leor meáin - Seoladh Printíseachta OEM in 2019 le freastal iontach ó oideachas agus an tionscal - Oscailt dheiridh Ionaid Oideachais do Dhaoine Fásta Dhún Mhuire, Muineachán - Rannpháirtíocht CMETB FET i scéalta / ócáidí náisiúnta - m.s. Seachtain Fheasachta Ollscoile, Seachtain Eolaíochta, Seachtain Innealtóireachta, Seachtain na bhFoghlaimeoirí Fásta, Seachtain Feasachta ar Inniúlacht, feachtas chur chun cinn FET SOLAS - Forbairt FET i gcláir Scoile, dírithe ar dheiseanna a thabhairt do mhic léinn sinsearach a chur triail a bhaint as printíseachtaí agus cláir oiliúna

Aidhm Straitéiseach 2. Scileanna don Gheilleagar

Aidhm	Gníomhartha déanta in 2019
Dul i ngleic le riachtanais reatha agus sa todhchaí le foghlaimeoirí, cuardaitheoirí poist, fostóirí agus fostaithe agus cuidiú le forbairt an gheilleagair náisiúnta	- Forbairt leanúnach agus foráil réimse leathan cláir FET thar Leibhéil 1-6 - Seachadadh go leor cláir nua Leibhéil 5 & 6 in PLC agus Seirbhísí Oiliúna, lena n-áirítear: - Clár Printíseachta i nDéantúsaíocht Buntrealaimh (OEM) - Eolaíocht Spóirt Réamh-Ollscoile - (Leibhéal 5) - Teicneoir Ríomhaireachta agus Gréasáin - (Leibhéal 6) - Beochan - (Leibhéal 5)

- Clár Oiliúna in Obair Óige - Leibhéal 6
- Clár Oiliúna in gCúram sa Bhaile - Leibhéal 5
- Clár Oiliúna i dTeicneolaíocht Ailtireachta agus Dearadh Cuidithe ag Ríomhaire - Leibhéal 6
- Leanúint le cláir oiliúna in OEM, Treoraí Gníomhaíochta Allamuigh, Cúnamh Saotharlainne agus Fáilteachas agus idirbheartaíocht le fostóirí sna earnálacha sin
- Fairsingiú ar chlárúcháin printíseachta
- Tús le dhá chlár Ardoideachais nua in CMETB: Céim LYIT Leibhéal 7 i gCúram Sláinte agus Sóisialta in Institiúid Muineacháin agus Sligigh agus céim IT Leibhéal 7 in Eolaíocht a thosaigh in Institiúid an Chabháin
- Fairsingiú Scileanna chun cláracha a chur ar aghaidh i Muineachán agus an Cabhán. Faoin tionscnaíocht seo:
 - Bhí 441 fostaí uas-scilithe le foráil oíche sa Chabhán agus i Muineachán
 - Bhí 112 fostaí uas-scilithe le cláir do 1 nó níos mó eagraíochtaí
 - Idirbheartaíocht le os cionn 230 fostaí.
- Réimse ócáidí an Fhostóra eagraithe thar seirbhísí FET, lena n-áirítear:
 - Ócáidí printíseachta an fhostóra
 - MI:CONNECT, ócáid gréasánaithe fhostóra agus fostaithe eagraithe ag Institiúid Muineacháin agus Oifig Fiontair Áitiúla
 - Fóraim Idirbheartaíochta an Fhostóra CI le fostaithe ó Obair Óige, Cúram sa Bhaile, Teicneoir closamhairc agus Eolaíochta.
- Forbairt ar cheithre ionad Printíseachta Leictirigh nua agus Commis Chef / Fáilteachais, ag comhdhéanamh Cistine Oiliúna go hiomlán feistithe, Bialann Oiliúna agus spás Múinte
- Béim níos mó ar chlár Eolaíochta agus Innealtóireachta in oideachas do dhaoine fásta le dul chun cinn beartaithe don fhostaíocht i réimse leathan comhlachtaí innealtóireachta go háitiúil nó bogadh go cláir oiliúna agus printíseachtaí CMETB.
- Thacaigh Seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta le comhlacht agus foireann ag fulaingt le iomarcaíochtaí

agus thug sé Treoraíocht agus clár Foghlama chun Foghlaim

Aidhm Straitéiseach 3. Pleanáil agus Maoiniú Comhtháite

Aidhm	Gníomhartha déanta in 2019
Cinntiú go bhfuil an fhoráil CMETB FET pleanáilte agus curtha i bhfeidhm ar bhonn anailíse oibiachtúla ar riachtanas agus éileamh	• Chuidigh sé le Straitéis SOLAS FET 2020-2024 agus thosaigh sé pleanáil straitéiseach do CMETB 2020-2024 • Obair leanúnach éifeachtach i dtreo targaid a bhaint amach leagtha amach sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisigh CMETB/SOLAS 2018-2020 • Athbhreithniú leanúnach ar fhoráil CMETB FET agus sonraí mhargadh saothair chun a chinntiú: - Foráil cláir a chloíonn le riachtanais agus tosaíochtaí, de réir (i) achoimrithe i straitéis agus tuarascálacha ábhartha, agus (ii) aitheanta de réir tionscail - Foráil meascáin scileanna Earnála agus scileanna tras-earnála - Ní thugann CMETB soláthar iomarcach don mhargadh le scileanna nach bhfuil éileamh mór dóibh • Cead faighte i gcomhair poist FET breise agus earcaíocht déanta • Féin-mheasúnú ar chlár a tharla in Oid Fásta agus PLC • Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar chlár tras-seirbhíse, m.s. Feasacht ar oiliúint inniúlachta do theagascóirí, tacaíocht inniúlachta do phrintísigh, treoraíocht do ghrúpaí oiliúna faoi chonradh, Foghlaim le foghlaim, Matamaitic na hArdteiste do mhic léinn PLC • Cruinnithe leanúnacha agus idirbheartaíocht i measc seirbhísí FET agus ionaid, ag obair chun réimse forála a uasmhéadú agus dúbailt a sheachaint

Aidhm Straitéiseach 4. Ionchuimsiú Gníomhach

Aidhm	Gníomhartha déanta in 2019
Tacóidh foráil FET le ionchuimsiú daoine gach cumais, le tagairt speisialta d'inniúlacht agus uimhearthacht	- Clár Rochtana PLC a thosaigh in MI agus CI i Meán Fómhair 2019. Ceadáíonn an clár seo do mhic léinn Youthreach agus Ardteist Fheidhmigh clár athraithe a ghlacadh ag Leibhéal 4 QQI agus modúil samplach Leibhéal 5 i dtimpeallacht thacaíochta, rud a chuirfidh lena dul chun cinn chuig cláir Leibhéal 5 iomlán in 2020. - Thosaigh an Clár Athlonnaithe Teifeach sa Chabhán le ranganna ESOL diana á seachadadh in Baileborough, Baile an Chabháin agus Virginia. - Seoladh an Clár Curaidh Cultúrtha sa Chabhán in éineacht le Tusla, Breffni Integrated, agus ISPCC. - Bhí CMETB faoi chonradh ag SOLAS chun oibriú i bhforbairt treoirínite dea-chleachtais agus taca uirlisí don mheasúnú tosaigh ar inniúlacht sa Bhéarla d'fhoghlaimeoirí imirceacha. Tá an tuarascáil críochnaithe agus seolfar é go náisiúnta in 2020. - Ranganna tacaíochta d'fhoghlaimeoirí fásta agus ESOL tugtha tríd an seirbhís Inniúlachta do mhic léinn PLC in MI agus CI - Bhí oiliúint feasachta ar inniúlacht seachadta do gheallshealbhóirí seachtracha, m.s. Foireann Scéime Fostaíochta Pobail ó DEASP. - Oiliúint scagthástála disléicse déanta ag go leor foirne FET, rud a éascóidh d'fhoghlaimeoirí le disléicse tacaíocht bhreise a fháil - Cór Ilchultúrtha cruthaithe sa Chabhán chun pobail nua a ionchuimsiú go hiomlán. - Tugadh uasghrádú d'Ionad Foghlama Oscailte ag Institiúid Cabháin, ina dtugtar tacaíocht d'fhoghlaimeoirí le Riachtanais Foghlama sonracha

Aidhm Straitéiseach 5. Foráil Cáilíochta

Aidhm	Gníomhartha déanta in 2019
Le cinntiú go dtugann Seirbhísí CMETB FET oideachas ar ardchaighdeán agus cláir oiliúna a chloíonn le caighdeáin cáilíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta	• Cruinnithe athbhreithnithe dearfacha le QQI agus SOLAS in 2019; • Clár iondúchtaithe foirne forbartha - le bheith tástáilte agus feidhmiú céimneach déanta air in 2020; • Forbairt ar pholasaithe ionchuimsithe CMETB agus nósanna imeachta chun foráil FET a ionchuimsiú tuilleadh ag CMETB; • Struchtúir Rialachais FET nua a fheidhmiú céimneach • Seachadadh leanúnach do Phlean Forbartha Ghairmiúil (PD) d'fhoireann FET le béim níos mó ar oiliúint dheimhnithe agus cumaisc agus roghanna r-Fhoghlaim le Moodle agus eCollege. • Foireann tacaithe chun cláir PD deimhnithe a dhéanamh lasmuigh CMETB • Roinnt dea-chleachtais agus plé #FutureFET ag an gCruinniu téamaithe 'Fís 2025', le os cionn 200 duine ag freastal. • Dul chun cinn ar fhorbairt foirgnimh FET agus áiseanna is déanaí, de réir riachtanais forála cáilíochta agus lóistín optamach d'fhoghlaimeoirí agus foireann



Dr Linda Pinkster

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

6.3 Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

i. Seirbhísí Eagraíochta

Tá na Ionaid/Oifigigh Riaracháin lárnach d'oibriúcháin CMETB. Tá Príomhoifig CMETB lonnaithe i mBaile Muineacháin agus tá Fo-Oifig againn i mBaile an Chabháin. Gníomaíonn na ionaid sin mar mhol do gach ionad agus seirbhísí CMETB. Bíonn feidhmeanna Riaracháin seachadta trí struchtúr piléir, a chuimsíonn Acmhainní Daonna, Airgeadas, Talamh agus Foirgnimh, Seirbhísí Chorpáraídeacha, Soláthar, IT agus Riarachán Oiliúna


Is aidhm leis an bhfoireann OSD feabhas a chur ar phróisis agus nósanna imeachta a thacaíonn le dea-rialachas corparáideach in CMETB agus cinntiú go bhfuil acmhainní Daonna, Airgeadais agus Infreastruchtúir, oiriúnach do sheachadadh seirbhísí líne thosaigh imlonnaithe go héifeachtach ar feadh CMETB.

Is próiseas leanúnach é struchtúr na heagraíochta agus an bhliain seo léirigh sé cén dul chun cinn a bhí ar struchtúr CMETB ag éascú Tionscnaimh Seirbhísí Roinnte Náisiúnta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Dá bharr, bhí dearadh eagraíochta CMETB athstruchtúrtha le aistriúchán rathúil párolla chuig Seirbhísí Roinnte (ESBS) i mí na Samhna 2019.

Chomh maith leis, leanann CMETB ag fairsingiú agus ag forbairt a sheirbhísí le seachadadh seirbhísí chuig scoileanna neamh-ETB.

Bíonn na seirbhísí CMETB seachadta trí struchtúr feidhmiúil, cuíchóirithe de réir achoimrithe thíos:



Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht fheidhmeannach ar CMETB agus tá freagracht ghinearálta aige as feidhmíocht scoileanna, clár agus ionaid oiliúna. Tá na Stiúrthóirí, Príomhoidí, Comhordaitheoirí agus Bainisteoirí na n-ionad sin freagrach as a mbainistíocht laethúil.

ii. Comhréireacht Chorporáideach agus Rialachais

Is é príomh-rialachán i gcomhair boird oideachais agus oiliúna é Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Ba chóir do Litir Chiorcláin ar Oideachas agus Scileanna 0002/2019, “An Cód Cleachtais chun Rialachais na mBord Oideachais agus Oiliúna” a bheith glactha san áireamh go príomha mar thacar caighdeáin do bhaill agus foireann an Bhoird, cé go socraíonn sé treoirínte i gcúinsí áirithe. Táthar ag súil go gcinnteoidh baill foirne go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí maidir le CMETB rialaithe an t-am go léir ag na caighdeáin sin, i litir agus i sprid.

Tháinig téarma an Bhoird amach chun deiridh i mí Bealtaine 2019 agus bhí Bord nua ceaptha i ndiaidh na toghchán áitiúla in 2019. Rinne CMETB athbhreithniú ar nósanna imeachta an

Bhoid lena n-áirítear Buanorduithe agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin do Choistí. Rinneadh oiliúint ionductaithe don Bhord nua i Meán Fómhair 2019.

Iniúchadh Comhréireachta leis an gCód Cleachtais chun Rialachais ETB

Eisíodh Cód Cleachtais nua chun Rialachais ETB (Litir Chircláin 0002/2019) ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in Eanáir 2019. Le linn 2019, chuireamar béim ar an gCód a chur i bhfeidhm agus leibhéal comhréireachta a fheabhsú chun feabhas leanúnach a léiriú, le linn coirp ráthaíochta a thógáil do CMETB. In Iúil 2019, rinne CMETB athbhreithniú ar an iniúchadh comhréireachta leis an gCód ag úsáid uirlise iniúchta forbartha ag Árachais do Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB). Léirigh an t-athbhreithniú ar an iniúchadh go raibh leibhéal inghlactha comhréireachta againn. Bhí an próiseas sin athdhéanta i Meán Fómhair agus Nollaig 2019, i ndiaidh próisis ionductaithe a dhéanamh tar éis baill Bhoird nua a thoghadh.

Forbairt don Chóras Bainistíochta ar Shábháilteacht

Bhí CMETB gníomhach i dtionscadal, ag obair le conraitheoirí le saineolas i sláinte agus sábháilteacht (Quadra), le tacaíocht ó Árachas IPB, ar fhorbairt teimpléid shaincheaptha do Ráiteas Sábháilteachta do scoileanna. Fuair an obair sin teorú ag treoirlínte HSA agus ag an obair críochnaithe ag Grúpa Stiúrtha Tionscadail an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta. Lean an staid comhairleoireachta den tionscadal le linn 2019, le ETBI ag éascú cruinnithe le ceardchumann na hearnála, ionadaithe an ghrúpa stiúrtha tionscadail agus foireann IPB. Cuirfidh aschuir an tionscnaimh le luach ar feadh CMETB, ag tacú freisin linn minicíocht eachtraí agus éilimh ó fhostaithe a laghdú, a chuireann tionchar ar dhaoine ar deireadh, mar aon le CMETB agus préimheanna árachais.

Seoladh na Treoirlínte nua i gcomhair Sábháilteacht, Sláinte agus Leas a Bhainistiú i Scoileanna Iarbhunscoile ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2018 le sraith ceardlanna réigiúnacha do Phríomhoidí, lean scoileanna le cur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin in 2019.

Saoirse Faisnéise

D'fhoilsigh CMETB a Scéim um Shaoirse Faisnéise, i gcomhréir le Cuid 8 an Achta Saoirse Faisnéise 2014.

Is féidir rochtain a fháil ar an Scéim Fhoilseacháin ar www.cmetb.ie agus tá cóip crua ar fáil ón bPríomhoifig, ar iarratas.

Tugann an Scéim Fhoilseacháin faisnéis maidir le seirbhísí CMETB, ag cur san áireamh prionsabail oscailteachta, follasachta agus cuntasachta de réir leagtha amach i gCodanna 8(5) agus 11(3) an Achta. Tugtar nuashonrú don scéim agus cuirtear leis ar bhonn rialta.

I rith 2019, fuair CMETB sé iarratas déag (16) i gcomhair faisnéise faoin Acht FOI. Astu sin, bhí cúig iarratas déag i gcomhair faisnéise neamh-phearsanta déanta ag iriseoirí, baill an ghrúpa leasmhara agus baill an phobail. Ba iad na cineálacha faisnéise neamh-phearsanta

iarrtha: mionsonraí íocaíochta do chaiteachais na mball ETB; mionsonraí ar léasanna; leithdháileadh múinteoirí; tairisceana; agus faisnéis bainteach le comhfhreagras le eagraíochtaí reiligiúnda agus malgamúchán molta do dhá scoil. Tá achoimre ar na iarratais faighte (Loga Nochtaithe) foilsithe ar shuíomh gréasáin CMETB mar chuid den Scéim Foilseacháin FOI.

Cosaint Sonraí

Thosaigh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ar an 25 Bealtaine 2018. D'fhorbair grúpa tionscnaimh, ag comhdhéanamh ionadaithe ó gach 16 ETB, polasaithe agus nósanna imeachta i gcomhréir le GDPR. Tugadh athbhreithniú ar na polasaithe agus nósanna imeachta sin i 2019. Ar feadh 2019, lean obair ar léarscáiliú do ghníomhaíochtaí próiseála sonraí CMETB, próiseáil sonraí a fhorbairt agus comhaontuithe roinnte sonraí le tríú páirtithe. Lean an DPO ag tabhairt seisiúin chuig an bhfoireann chun faisnéis a thabhairt dóibh ar a bhfreagrachtaí faoi réir GDPR. Críochnaíodh an clár oiliúna ar líne r-Fhoghlaim ETBI GDPR d'fhoireann ag beagnach 600 ball foirne CMETB. Dhírigh na ionaid riaracháin ar íosláhdú sonraí agus reachtaíodh 'Lá Glanta Suas' in Iúil 2019. Thug athshocrú oifige in Ionad Riaracháin Muineacháin deis nua chun fáil réidh le comhaid i gcomhréir leis an bpolasaí Coinneála Taifead.

In 2019 tugadh fógra maidir le aon shárú déag (11) ar sonraí chuig an DPO. Astu sin, bhí ocht gcinn tuairiscithe chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Bhí na sárúithe sin ar riosca íseal do shuibhachtaí sonraí, an chuid is mó bainteach le botúin cléiriciúla a d'eascaigh i gcaillteanas smachta ar shonraí pearsanta agus bhain ceann amháin dóibh le gadaíocht cháipéisíochta féideartha. Tugadh bainistiú ar na sárúithe sin laistigh reachtaíochta GDPR agus bhí gníomh cheartaitheach curtha i bhfeidhm.

Oiliúint agus tacaíocht leanúnach don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus Boird Bhainistíochta

Le linn 2019, lean foireann riaracháin CMETB ag tabhairt tacaíochta don ETB agus a fo-choistí, lena n-áirítear Boird Bhainistíochta. I Meán Fómhair 2019, fuair an Bord nua oiliúint ionductaithe, éascaithe ag IPA. De réir is a bhí na Boird Bhainistíochta ag teacht chun deiridh a dtéarma, níor tharla aon seisiún oiliúna in 2019. Tá clár oiliúna á fhorbairt do 2020. Leanann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha ag tacú leis an mBord agus fo-choistí, le tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus tacaíochtaí do na Boird Bhainistíochta, ag tabhairt treoraíochta ar ullmhúchán cláir gnó, glacadh miontuairiscí agus taifead miontuairiscí.

iii. Soláthar Foirne

Is fostóir tábhachtach é CMETB sa réigiún, ag fostú timpeall 700 ball foirne lán-aimseartha agus 600 ball foirne páirt-aimseartha. Le linn 2019, chinntigh an ath-shannadh foirne ar bhonn buan agus sealadach araon in áiteanna ina bhfuil go leor gá an seachadadh leanúnach ar sheirbhísí tábhachtacha. Déanann CMETB iarracht an fhoireann is fearr ar fáil a earcú agus a choinneáil. Tá an chuid is mó agallaimh earcaíochta anois bunaithe ar inniúlacht, agus fuair baill an Bhoird Rogha oiliúint chuig chun agallaimh bunaithe ar inniúlacht a dhéanamh. Tá

físeán chur chun cinn lonnaithe ar shuíomh gréasáin CMETB ag cur CMETB chun cinn go ginearálta. Tá cur chun cinn dírithe (fógraíocht íoctha ar na meáin sóisialta) dírithe ar limistéir geografacha agus déimeagrafaic i bhfeidhm anois freisin chun múinteoirí a earcú, misneach a chur ar dhaoine dul go suíomh gréasáin ETB, postálacha fógraithe ar shuíomh gréasáin etbjobs.ie a chur chun cinn, srl. Aithnítear na tacair scileanna riachtanacha chun shármhaitheas eagraíochta a sheachadadh agus acmhainn a fheabhsú chun cloí le dúshlán nua agus ag forbairt. Tugadh oiliúint in áiteanna lena n-áirítear HR, Airgeadas, IT, Soláthair, Bainistíocht Chaipitil agus Rialachas. Tá CMETB ag déanamh iarrachta chun an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht chun cáilíocht sheirbhíse níos fearr a chinntiú leis na acmhainní ar fáil.

In 2019, bhog párolla do gach ball foirne lán agus páirt-aimseartha go Seirbhísí Roinnte (ESBS). Ba thionscnamh mór é sin do CMETB, ag baint le go leor míonna pleanála agus tástála ag an bhfoireann. Rinneadh tástáil ar rith íocaíochta agus rith comhuaineach chun cruinneas sonraí agus iontaofacht na seirbhíse nua a chinntiú. Bhí feidhmiú céimneach déanta d'fhostaithe ar oibriúchán an ardáin CoreHR nua feidhmithe agus rith íocaíochta (gach coicís agus gach mí) bogadh go rathúil chuig ESBS. Ba é CMETB ceann den chéad ETBs a bhog párolla go rathúil chuig ESBS agus anois bogfaidh an tionscnamh ar aghaidh do íocaíocht Taistil agus Maireachtála agus íocaíocht Oibrithe Oiliúna agus Printísigh.

iv. ICT

Úsáideann CMETB freastalaithe comhaid ar an láthair agus Microsoft Office 365 i gcomhair r-phoist agus feidhmeanna eile bunaithe ar an ngréasán. Is plean fadtréimhseach do CMETB bogadh amach ó sheirbhísí ar an láthair agus i dtreo seirbhíse óstálaithe bunaithe ar an ngréasán ina mbeadh gach táirge ar fáil ar ghréasán.

Chuir CMETB tús le inlín foirne do gach ball foirne sa scéim. Tá an t-inlín sin ag rith ar Microsoft SharePoint, mar chuid de sraith táirgí Microsoft Office 365. Ceadáíonn an feidhmchlár d'fhoireann comhoibriú agus eolas a roinnt go héasca agus rochtain ar cháipéisí lena n-áirítear polasaithe foirne agus nósanna imeachta stóráilte go lárnach ar bhealach slán ó aon áit le go leor gléasanna amhail deisce, glúine agus fóin cliste. Úsáideann CMETB Microsoft Teams, sin uirlis chomhoibríochta a cheadaíonn comhoibríocht foireann go foireann agus foreainn go mac léinn. Is uirlis chumarsáide an-chumhachtach í agus tá sí in úsáid faoi láthair thar na Scéime CMETB.

